COLÁISTE NAOMH FEICHÍN

**Bord Bainistíochta**

**Cruinniú – Dé Máirt 15ú de Mhárta 2022**

**4.00in - 6.30in**

Miontuairiscí Aontaithe – Tuismitheoirí / Caomhnóirí agus Múinteoirí

Tionóladh Cruinniú do Bhord Bainistíochta an Choláiste ar an Máirt an 15ú de Mhárta ag 4.00 i.n.

**I láthair**, bhí T. Ó C., P. Ó C., G. Uí C., P. S. (go fíorúil), Á. B. (go fíorúil), C. Ó C., agus G. Ní C. (Rúnaí/Príomhoide).

**Leithscéal ó:** S. Ó T.

1. **Fáiltiú**

   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh chách.

2. **Miontuairiscí**

   Mhol P. Ó C. le cuidiú ó G Uí C. go nglacfaí leis na miontuairiscí, agus na miontuairiscí aontaithe do phobal na scoile, mhol ó T. Ó C. le cuidiú P. Ó C. go nglacfar leo.

3. **Ag éirí as**

   Mhol an Cathaoirleach an cuireadh a túgadh do Chomhairle na nDaltaí abheith i láthair ar an gcruinniú seo. Mhol sé cuireadh a sheoladh Coiste na dTuisti freastal ar chruinniú agus aiseolas a thabhairt ar a gcuid oibre i rith an scoil bhliain seo chugainn.

4. **Comhfhreagras**

   Chuaigh an Príomhoide tríd na ciorclán reatha, chuaigh sí tríd comhfhreagras bainteach le NEPS, BOOGR, Socraithe Réasúnta Bl 6, CAO, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, CNCM, Coiste Forbartha, Oifigeach Pleanála Teanga.

5. **Tuairisc an Rúnaí**

Bliain 1: Taifid ar Seó Nollaig, Cruinniú Múinteoirí-Tuismitheoirí, Príosún Chill Mhaighneann, Sraith Cispheil – Buachaillí

Bliain 2: Taifid ar Seó Nollaig, Cruinniú Múinteoirí-Tuismitheoirí, Scléip 2022, Príosún Chill Mhaighneann, Sraith Cispheil – Buachaillí, Rás Trastíre – Maigh Cuilinn

Bliain 3: Taifid ar Seó Nollaig, Scléip 2022, Príosún Chill Mhaighneann, Sraith Cispheil – Buachaillí, Réamhscrúduithe 2022, Cruinniú Eolais Rogha Ábhair Idirbhiain, Rás Trastíre – Maigh Cuilinn

Bliain 4: Taifid ar Seó Nollaig, Cruinniú Múinteoirí-Tuismitheoirí, Seó Bóthar, Clár Breast Health & Awareness – Cailíní, Stair Áitiúil le Gerry Breathnach, Sraith Cispheil – Buachaillí, Iriseoirí an Lae Amárach, Agallamh Fiontraíochta, Cúrsa Féinchosaint, Rás Trastíre – Maigh Cuilinn

Bliain 6: Taifid ar Seó Nollaig**,** Seó Bóthar, Clár Breast Health & Awareness – Cailíní, Sraith Cispheil – Buachaillí, Réamhscrúduithe 2022, Cruinniú Múinteoirí-Tuismitheoirí, Rás Trastíre – Maigh Cuilinn.

**Forbairt Gairmiúil**

PDST – Foireann Iomlán – Tráthnóna Folláine Foirne

JCT – Foireann Iomlán – Lá Inseirbhíse

**Fás agus Forbairt**

**Tá 64 dalta cláraithe don scoilbhliain 2021/'22, 7 dalta cláraithe don chéad bhliain 2022/23**

**Comhpháirtíocht agus Nascanna**

TESS, TUSLA, NEPS, EWO, COGG, JCT, Coiste Pleanála Teanga Dúiche Sheoigheach, Gael-Linn, BOOGR, Roinn Oideachais, Coimisiún an Scrúduithe Stáit, CNCM, Comhairle na dTuistí.

6. **Athbhreithniú ar Pholasaí Obair Bhaile agus Dialann Scoile**

Bhí a lán plé agus smaointeoireacht déanta ar an bPolasaí le Comhairle na dTuismitheoirí, Comhairle na nDaltaí agus leis an foireann teagaisc. Tá rian a gcuid oibre agus dianmacnamh le feiceáil sa pholasaí úr. Mhol ball an Bhord ionchur na rannpháirteacha. Mhol P. Ó C. glacadh leis an Polasaí le cuidiú ó T. Ó C. Thug an Príomhoide le fíos go mbeadh sé ar fáil ar suíomh na scoile.

7. **Athbhreithniú ar Pholasaí Frithbhulaíochta**

   Tá rannpháirtí na scoile ag caitheamh a gcuid ama ar an bPolasaí seo agus beidh sé a chur faoi bhráid an Bhord ag an gceád cruinniú eile.

8. **Tuairisc ar Chaomhnú Leanaí**

   Cuireadh na cáipéisí cuí bainteach le Caomhnú Leanaí faoi bhráid an Bhord agus tugadh le fíos don Bhord nach raibh aon rud le tuairisciú.

9. **Tuairisc ó Choiste na dTuistí**

   Thug G Uí C. le fíos go raibh na cruinnithe le tuismitheoirí curtha i gcríoch agus go raibh an darna cruinniú déanta le tuistí Bliain a sé.

10. **A. R. E**

    Pléadh thacaíocht do thuismitheoirí na céad bliana don scoilbhlian seo chugainn i dtaobh tachaíocht a thabhairt le ceannacht ríomhairí mar chuid de Scéim Acmhainní na Scoile agus go ndéanfar athbhreithniú ar an gcabhair go bliantúil. Mhol P. Ó C.an cinneadh le tacaíocht ó G. Uí C.

    Le sin, rinne Cathaoirleach an Bord críoch a chur leis an gcruinniú agus ghuí sé chuile bheannacht ar phobal na scoile.

Sínithe: Tomás Ó Toisdealbha Dáta: 31/5/2022

**Cathaoirleach**